2024/2212

6.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2212 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Meán Fómhair 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar chothaithigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE [1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4(6), Airteagal 5(10) agus Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2379 bunaítear creat comhtháite chun staidreamh Eorpach a bhaineann le hionchuir agus aschuir talmhaíochta a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

(2) Chun a áirithiú go dtáirgfidh na Ballstáit sonraí inchomparáide agus chun comhchuibhiú a bhaint amach laistigh den chóras staidrimh talmhaíochta, is gá eilimintí teicniúla an staidrimh ar ionchuir agus ar aschuir talmhaíochta a shonrú a mhéid a bhaineann le cothaithigh atá le tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

(3) Is éard atá sna heilimintí sin liosta de na hathróga, na tuairiscí ar na hathróga, na haonaid bhreathnóireachta, na ceanglais bheachtais atá le cur i bhfeidhm, na rialacha modheolaíochta atá le cur i bhfeidhm, agus na sprioc-amanna le haghaidh tharchur na sonraí, i gcás inarb iomchuí.

(4) Ní mór cumhdach na dtacar sonraí a shonrú de bhreis ar na ceanglais in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2379 i gcás inarb iomchuí, chun neamhréireachtaí idir na Ballstáit a sheachaint.

(5) Ba cheart na tréimhsí tagartha a luaitear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2022/2379 a shonrú a thuilleadh chun inchomparáideacht an staidrimh idir na Ballstáit a áirithiú.

(6) Maidir le staidreamh Eorpach ar chothaithigh, ba cheart iad a thiomsú de bhun modheolaíochtaí atá comhleanúnach leis na caighdeáin ábhartha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, amhail na caighdeáin atá ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide nó ag an gClár Eorpach Faireacháin agus Meastóireachta.

(7) Is táscairí tábhachtacha maidir le hinbhuanaitheacht gníomhaíochtaí talmhaíochta iad cothromaíochtaí cothaitheach. Is féidir na rioscaí don chomhshaol a léiriú iontu trí bharrachais nó easnaimh leanúnacha nítrigine agus fosfair a nochtadh in ithreacha talmhaíochta. D'fhéadfadh easpa nítrigine nó fosfair a bheith ina cúis le díghrádú thorthúlacht na hithreach, ach d'fhéadfadh barrachas a bheith ina chúis le truailliú aeir agus uisce, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis, mar shampla, le heotrófú uiscí dromchla agus éilliú uisce óil.

(8) Cuidíonn an staidreamh ar chothaithigh le measúnú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht a bhaineann le leasacháin a úsáid agus ar spleáchas táirgthe bia ar na hionchuir sin. Dá bhrí sin, is gné thábhachtach den tslándáil bia é an staidreamh.

[1] IO L 315, 7.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2379/oj.

(9) Le straitéis an Choimisiúin ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’ i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, bunaítear an cuspóir chun caillteanas cothaitheach a laghdú faoina leath, agus a áirithiú ag an am céanna nach dtiocfaidh aon mheath ar thorthúlacht na hithreach, rud a bheadh ina chúis le laghdú foriomlán 20 % ar a laghad ar úsáid leasachán faoi 2030. Ina theannta sin, is táscaire comhthéacs é an chothromaíocht chomhlán cothaitheach a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta. I ndáil le sonraí inchomparáide tráthúla maidir le cothromaíochtaí cothaitheach agus maidir le húsáid leasachán sa talmhaíocht, cuirfidh siad leis an measúnú ar na spriocanna sin agus ar spriocanna beartais eile a bheidh ann amach anseo. Maidir le measúnú tráthúil a dhéanamh ar na cuspóirí agus ar na táscairí, ní mór sonraí i ndáil le cothromaíochtaí cothaitheach a bheith ar fáil roimh 2030.

(10) Ba cheart cothromaíochtaí cothaitheach a ríomh de réir chur chuige an bhuiséid talún, agus úsáid á baint as comhéifeachtaí chun a léiriú go ndéanann barra agus beostoc difear do shreafaí na gcothaitheach. Ba cheart na comhéifeachtaí sin a ríomh trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí inchomparáide i ngach Ballstát chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht a áirithiú. Ba cheart a léiriú sna comhéifeachtaí treocht chobhsaí, rud a chuirfeadh deireadh leis an luaineacht bhliantúil.

(11) Is réamhriachtanas é go mbeidh na comhéifeachtaí sin ar fáil chun cothromaíochtaí cothaitheach a ríomh. Úsáidtear na comhéifeachtaí in éineacht le tacair sonraí ghaolmhara eile, go sonrach staidreamh maidir le táirgeadh barr agus ainmhithe, arna gcur ar fáil ag na Ballstáit, chun cothromaíochtaí bliantúla cothaitheach a tháirgeadh.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceanglais sonraí

Soláthróidh na Ballstáit sonraí i réimse an staidrimh ar chothaithigh dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2379 i bhfoirm tacair sonraí comhiomlánaithe.

Tarchuirfidh na Ballstáit na tacair sonraí comhiomlánaithe chuig an gCoimisiún (Eurostat) ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 2

Tacair sonraí

(1) Sonraítear inneachar sonraí na dtacar sonraí iontu seo a leanas:

(a) Iarscríbhinn I i gcás thopaic (i) Cothaithigh i leasacháin le haghaidh talmhaíochta, i gcás na dtopaicí mionsonraithe seo a leanas:

  (i) Leasacháin neamhorgánacha le haghaidh talmhaíochta;

  (ii) Leasacháin orgánacha le haghaidh talmhaíochta;

(b) Iarscríbhinn II i gcás thopaic (ii) Cothromaíochtaí cothaitheach, i gcás na dtopaicí mionsonraithe seo a leanas;

  (i) Comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh barr agus foráiste;

  (ii) Méideanna fuílleach barr agus comhéifeachtaí an chion cothaitheach;

  (iii) Comhéifeachtaí an fhosaithe bhitheolaíoch nítrigine;

  (iv) Comhéifeachtaí an ionchuir atmaisféaraigh nítrigine;

  (v) Comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh síolta;

  (vi) Comhéifeachtaí an eisfheartha cothaitheach le haghaidh beostoic;

  (vii) Méideanna aistarraingthe aoiligh agus comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh beostoic;

(2) I gcás gach tacair sonraí, sonraítear an méid seo a leanas i roinn I:

(a) tuairisc ar an inneachar sonraí;

(b) na hathróga atá le soláthar;

(c) na sprioc-amanna le haghaidh tharchur na sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat);

(d) na tréimhsí tagartha;

(e) na haonaid tomhais;

(3) I gcás gach tacair sonraí, sonraítear an méid seo a leanas i roinn II:

(a) tuairisc ar na haonaid tomhais;

(b) ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga.

Airteagal 3

Cothromaíochtaí cothaitheach

(1) Maidir le cothromaíocht chomhlán na gcothaitheach – nítrigin agus fosfar – is éard a bheidh inti an difríocht idir ionchuir na gcothaitheach in ithir talmhaíochta agus an t-aschur ón ithir talmhaíochta. Is éard a bheidh sna hionchuir na cothaithigh a úsáidtear go príomha i leasacháin a úsáidtear agus i dtáirgeadh aoiligh ó bheostoc, ach mar aon leis sin na cothaithigh sin ó thabhairt isteach síolta agus – i gcás nítrigine – próisis an fhosúcháin bhitheolaíoch agus an ionchuir atmaisféaraigh. Is éard a bheidh sna haschuir den chuid is mó na cothaithigh i mbarra agus foráiste a bhuaintear nó i mbarra agus foráiste innilte, ach i gcás aistarraingtí aoiligh agus baint an fhuílll barr nár cuireadh ar ais san ithir freisin.

(2) Déanfar an ghlanchothromaíocht nítrigine a shainmhíniú mar an chothromaíocht chomhlán cothaitheach i gcás nítrigine óna n-asbhaintear na hastaíochtaí nítrigine ón mbainistiú ithreach agus aoiligh.

(3) Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na cothromaíochtaí cothaitheach sin a ríomh gach bliain, bunaithe ar na nithe seo a leanas

(a) tacair sonraí arna soláthar mar a thuairiscítear in Iarscríbhinní I agus II;

(b) sonraí maidir le staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe mar a thuairiscítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2745 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe ([2]);

(c) sonraí maidir le staidreamh ar tháirgeadh barr mar a thuairiscítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr ([3]);

(d) sonraí maidir le hastaíochtaí mar a thuairiscítear faoi Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Truailliú Aeir Trasteorann Fadraoin (an Coinbhinsiún Aeir), agus faoin Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta ([4]), agus faoi Rialachán Rialachais an Aontais Eorpaigh ([5]) agus faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC).

Airteagal 4

Tarchur na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II

Maidir leis na tacair sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, cuirfidh na Ballstáit iad ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 le haghaidh na mblianta tagartha 2026, 2027 agus 2028, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, faoi na sprioc-amanna a léirítear i ngach tacar sonraí.

([2]) IO L 2745, 11.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2745/oj.

([3]) IO L 187, 26.7.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1538/oj.

([4]) Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE, IO L 344, 17.12.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/2284/oj.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj.

Airteagal 5

Sonraíochtaí cáilíochta agus modheolaíochta

(1) Nuair a bhaileofar sonraí le haghaidh na dtacar sonraí bunaithe ar shamplaí staidrimh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na torthaí ualaithe ionadaíoch ar an daonra staidrimh. Nuair a úsáidtear foinsí eile seachas suirbhéanna staidrimh, ní mór cáilíocht an staidrimh a áirithiú ar mhodhanna ionas go mbeidh siad ionadaíoch ar an raon feidhme a dtugann siad tuairisc air agus ionas go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ([6]).

(2) Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar na comhéifeachtaí a úsáidtear trí mhodhanna eolaíocha chun tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar ionchur nó aschur cothaitheach gach athróige mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II.

(3) Leagtar amach sonraíochtaí comhchoiteanna modheolaíochta chun staidreamh a thiomsú in Iarscríbhinn III maidir leis na tacair sonraí in Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn II.

Airteagal 6

Tuairiscí

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na tuairiscí ar théarmaí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV iad.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach, IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj.

IARSCRÍBHINN I

Cothaithigh i leasacháin le haghaidh talmhaíochta

TACAR SONRAÍ 1

Leasacháin neamhorgánacha le haghaidh talmhaíochta

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	i.	Cothaithigh i leasacháin le haghaidh talmhaíochta
An topaic mhionsonraithe:	i.1	Leasacháin neamhorgánacha le haghaidh talmhaíochta

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí sin cainníochtaí cothaitheach sna leasacháin neamhorgánacha a úsáidtear sa talmhaíocht le linn na tréimhse tagartha i mBallstát.

Cothaitheach	Sprioc-am
	30 Samhain bliain N+1
Nítrigin	Q
de in úiré	Q
Fosfar	Q
Potaisiam	Q

N: An bhliain dá dtagraíonn na sonraí
Q: Cainníocht cothaitheach a úsáidtear sa talmhaíocht (1 000 tona)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

ROINN II

Tuairisc ar an aonad tomhais

Cainníocht cothaitheach: Tagraíonn sé do chainníochtaí bliantúla na gcothaitheach i leasacháin neamhorgánacha (i bhfoirm dhíreach agus i bhfoirm chumaisc) a úsáidtear sa talmhaíocht. Tuairisceofar an chainníocht i bhfoirm eiliminteach: N = nítrigin, P = fosfar agus K = potaisiam. Maidir leis an gcainníocht nítrigine a thuairiscítear in úiré, ní thagróidh sí ach do na cainníochtaí a áirítear sa leasachán díreach.

Ceanglais theicniúla

(1) Nuair a bheidh cainníochtaí an chion cothaitheach ar fáil do na tíortha ina bhfoirm ocsaídithe, cuirfear na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin an Aontais a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ([1]):

Fosfar (P) = peantocsaíd fosfair (P_2O_5) × 0,436;

Potaisiam (K) = ocsaíd photaisiam (K_2O) × 0,830.

(2) Más staidreamh maidir le díolacháin leasachán neamhorgánach atá ann mar fhoinse na sonraí maidir le cainníocht na gcothaitheach, déanfar an úsáid neamhthalmhaíochta agus úsáid iarchurtha na leasachán díolta a mheas agus a úsáid chun na sonraí foinseacha a cheartú.

([1]) IO L 170, 25/06/2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1009/oj.

TACAR SONRAÍ 2

Leasacháin orgánacha le haghaidh talmhaíochta

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	i.	Cothaithigh i leasacháin le haghaidh talmhaíochta
An topaic mhionsonraithe:	i.2	Leasacháin orgánacha le haghaidh talmhaíochta

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí na leasacháin orgánacha agus orgánaimianra (seachas aoileach ainmhithe amh) a úsáideadh sa talmhaíocht le linn na tréimhse tagartha i mBallstát agus na comhéifeachtaí maidir le cion cothaitheach faoi seach.

Cineál leasacháin	Sprioc-am	
	30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse trí bliana	
Sloda séarachais	Q	NC, PC
Leasacháin orgánacha eile	Q	NC, PC
Leasacháin orgánaimianra	Q	NC, PC

Q: Cainníocht a úsáidtear sa talmhaíocht (1 000 tona)
NC: Comhéifeachtaí an chion nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh an tona)
PC: Comhéifeachtaí an chion fosfair (cileagram d'fhosfar in aghaidh an tona)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Cainníocht leasacháin: is ionann é sin agus cainníochtaí bliantúla na leasachán orgánach agus orgánaimianra a úsáidtear sa talmhaíocht, seachas aoileach amh. Tuairisceofar na sonraí i dtéarmaí ábhair thirim.

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse trí bliana (meáin athraitheacha) de chion cothaitheach eiliminteach – N agus P – (i gcileagram) i dtona leasacháin (ábhar tirim).

Ceanglais theicniúla

(1) Le meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach thar tréimhse trí bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis an dá bhliain roimhe sin.

(2) Déanfar na cainníochtaí bliantúla agus meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach, do gach ceann de na blianta sa tréimhse trí bliana, arna ríomh mar a thuairiscítear thuas, a tharchur le chéile faoin sprioc-am a shonraítear sa tacar sonraí.

IARSCRÍBHINN II

COTHROMAÍOCHTAÍ COTHAITHEACH

TACAR SONRAÍ 1

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh barr agus foráiste

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
Topaicí mionsonraithe: ii.1 Comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh barr agus foráiste		

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí comhéifeachtaí an chion cothaitheach lena léirítear meánmhéid na gcothaitheach i dtona de tháirge bairr buainte.

Barr	Sprioc-am
	30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)
Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol)	–
Cruithneacht agus speilt	–
Cruithneacht bhog agus speilt	–
Cruithneacht bhog gheimhridh agus speilt	NC, PC
Cruithneacht bhog earraigh agus speilt	NC, PC
Cruithneacht chrua	NC, PC
Seagal	NC, PC
Eorna	–
Eorna gheimhridh	NC, PC
Eorna earraigh	NC, PC
Coirce	NC, PC
Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise	NC, PC
Triteacál	NC, PC
Sorgam	NC, PC
Rís	–
Rís Indica	NC, PC
Rís Japonica	NC, PC
Meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)	NC, PC
Meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislin)	NC, PC
Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile ([1]) (muiléad, síolta éan, etc.)	NC, PC
Bréag-ghránaigh	–
Ruán	NC, PC
Cuineo	NC, PC
Bréag-ghránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	NC, PC

Piseánaigh thirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (síol agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánaigh san áireamh)				–
	Piseanna machaire			NC, PC
	Pónairí leathana agus pónairí machaire			NC, PC
	Lúipíní milse			NC, PC
	Lintilí			NC, PC
	Peasairí			NC, PC
	Sicphiseánaigh			NC, PC
	Piseánaigh thirime agus barra próitéine eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			NC, PC
Barra fréimhe				–
	Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)			NC, PC
	Biatas siúcra (seachas síol)			NC, PC
	Barra fréimhe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile			NC, PC
Barra tionsclaíocha				–
	Olashíolta			–
		Síol ráibe agus síol tornapa ráibe		–
			Síolta ráibe geimhridh agus síolta tornapa ráibe	NC, PC
			Síolta ráibe earraigh agus síolta tornapa ráibe	NC, PC
		Síol lus na gréine		NC, PC
		Soighe		NC, PC
		Ros lín (líon ola)		NC, PC
		Síolta cadáis		NC, PC
		Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile		NC, PC
	Barra snáithín			–
		Snáithín lín		NC, PC
		Cnáib		NC, PC
		Snáithín cadáis		NC, PC
		Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile		NC, PC
	Tobac			NC, PC
	Leannlusanna			NC, PC
	Barra fuinnimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile			NC, PC
Plandaí arna mbuain glas de thalamh arúil				–
	Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha			NC, PC
	Plandaí léagúmacha arna mbuain glas			–
		Meidic na mbó		NC, PC
		Meascáin féar léagúmach		NC, PC
		Plandaí léagúmacha eile arna mbuain glas agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile		NC, PC
	Arbhar Indiach glas			NC, PC
	Gránaigh eile arna mbuain glas (seachas arbhar Indiach glas)			NC, PC
	Plandaí eile arna mbuain glas de thalamh arúil agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile			NC, PC

Barra eile talún arúla nach n-aicmítear in áit ar bith eile				NC ([2]), PC ([2])
Féarthalamh buan				–
	Féaraigh bhuana agus móinéir bhuana, seachas féaraigh gharbha			NC, PC
	Féaraigh gharbha bhuana			NC, PC
Glasraí úra (mealbhacáin san áireamh) agus sútha talún				–
	Glasraí úra (mealbhacáin san áireamh)			–
		Brasacaigh		NC, PC
		Glasraí duilleacha agus glasraí gasacha (seachas brasacaigh)		NC, PC
		Glasraí a shaothraítear le haghaidh torthaí (lena n-áirítear mealbhacáin)		NC, PC
		Glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibín		NC, PC
		Piseánaigh úra		NC, PC
		Glasraí úra eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile		NC, PC
	Sútha talún			NC, PC
Barra buana lena gcaitheamh ag an duine				–
	Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora, sútha talún)			–
		Torthaí ó chriosanna aeráide measartha		–
			Torthaí póma	NC, PC
			Clochthorthaí	NC, PC
		Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha		NC, PC
		Caora (seachas sútha talún)		NC, PC
		Cnónna		NC, PC
	Torthaí citris			NC, PC
	Fíonchaora			NC, PC
	Cineálacha fíonchaora chun críocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (críocha seachas fíonta, sú, úrfhíonta, úsáid boird ná rísíní).			NC, PC
	Crainn olóige chun ola olóige a tháirgeadh.			NC, PC
Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna)				NC ([2]) , PC ([2])

NC: Comhéifeachtaí an chion nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh an tona)
PC: Comhéifeachtaí an chion fosfair (cileagram d'fhosfar in aghaidh an tona)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.
([1]) n.e.c.: = nach n-aicmítear in áit ar bith eile)
([2]) Comhéifeacht atá le tabhairt in aghaidh an heicteáir phríomhlimistéir

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) de chion cothaitheach eiliminteach – N agus P – (i gcileagram) i dtona de tháirge bairr buainte. Maidir leis na comhéifeachtaí, léireofar iontu cion cothaitheach na n-earraí barr mar a thuairiscítear sa staidreamh bliantúil ar bharra de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr.

Ceanglais theicniúla

(1) Le meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

(2) Tuairisceofar comhéifeachtaí an chion cothaitheach de réir na gceanglas teochta a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr.

TACAR SONRAÍ 2

Méideanna fuíll barr agus comhéifeachtaí an chion cothaitheach

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
Topaicí mionsonraithe: ii.2	Méideanna fuíll barr agus comhéifeachtaí an chion cothaitheach	

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí meánchainníochtaí bliantúla an fhuíll barr a bhaintear as an bpáirc, mar aon le comhéifeachtaí an chion cothaitheach.

Barr		Sprioc-am	
		30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)	
Iomlán an fhuíll barr (bainte as an bpáirc)		–	–
	Duilleoga agus gais cinn	Q	NC, PC
	Tuí	Q	NC, PC
	Fuíoll eile barr	Q	NC, PC

Q: Cainníocht (1 000 tona) d'fhuíoll barr a bhaintear as an bpáirc
NC: Comhéifeachtaí an chion nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh thona an fhuíll barr)
PC: Comhéifeachtaí an chion fosfair (cileagram d'fhosfar in aghaidh thona an fhuíll barr)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Cainníocht (1 000 tona) d'fhuíoll barr a bhaintear as an bpáirc: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) de mhéid an fhuíll a bhaintear mar sheachtháirge agus nár cuireadh ar ais sa pháirc ag céim níos déanaí.

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) de chion cothaitheach eiliminteach – N agus P – (i gcileagram) i dtona de chineál fuíll barr. Sna comhéifeachtaí léireofar an cion cothaitheach san fhuíoll bairr a thuairisceofar sa tacar sonraí.

Ceanglais theicniúla

(1) Le meán na gcainníochtaí bliantúla d'fhuíoll barr a bhaintear as an bpáirc agus le meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

(2) Déanfar na cainníochtaí bliantúla agus meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach, do gach ceann de na blianta sa tréimhse cúig bliana, arna ríomh mar a thuairiscítear thuas, a tharchur le chéile faoin sprioc-am a shonraítear sa tacar sonraí.

TACAR SONRAÍ 3

Comhéifeachtaí an fhosaithe bhitheolaíoch nítrigine

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
Topaicí mionsonraithe: ii.3	Comhéifeachtaí an fhosaithe bhitheolaíoch nítrigine	

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí comhéifeachtaí an fhosaithe bhitheolaíoch nítrigine le haghaidh barra léagúmacha agus meascáin féar léagúmach.

Barr		Sprioc-am
		30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)
Piseánaigh thirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (síol agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánaigh san áireamh)		–
	Piseanna machaire	NFC
	Pónairí leathana agus pónairí machaire	NFC
	Lúipíní milse	NFC
	Lintilí	NFC
	Peasairí	NFC
	Sicphiseánaigh	NFC
	Piseánaigh thirime agus barra próitéine eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	NFC
Soighe		NFC
Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha		NFC
Plandaí léagúmacha arna mbuain glas		–
	Meidic na mbó	NFC
	Meascáin féar léagúmach	NFC
	Plandaí léagúmacha eile arna mbuain glas agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile	NFC
Piseánaigh úra		–
	Piseanna úra	NFC
	Pónairí úra	NFC
	Piseánaigh úra eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	NFC
Féarthailte buana		–
	Féaraigh bhuana agus móinéir bhuana, seachas féaraigh gharbha	NFC
	Féaraigh gharbha bhuana	NFC

NFC: Comhéifeachtaí an fhosaithe nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh an tona)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.

ROINN II

Tuairisc ar an aonad tomhais

Comhéifeachtaí an fhosaithe bhitheolaíoch nítrigine: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) de nítrigin eiliminteach (i gcileagram/tona) arna socrú go bliantúil le barra léagúmacha agus meascáin féar léagúmach. Maidir leis na comhéifeachtaí, léireofar iontu táirge bairr buainte mar a thuairiscítear sa staidreamh bliantúil ar bharra de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr.

Ceanglas teicniúil

Le meán-chomhéifeachtaí an fhosaithe nítrigine thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

TACAR SONRAÍ 4

Comhéifeachtaí an ionchuir atmaisféaraigh nítrigine

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
Topaicí mionsonraithe: ii.4 Comhéifeachtaí an ionchuir atmaisféaraigh nítrigine		

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdóidh na sonraí comhéifeachtaí an ionchur atmaisféarach nítrigine.

	Sprioc-am
	30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)
Comhéifeacht an ionchuir atmaisféaraigh nítrigine	NDC

NDC: Comhéifeacht an ionchuir atmaisféaraigh nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh an heicteáir)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.

ROINN II

Tuairisc ar an aonad tomhais

Comhéifeachtaí an ionchuir atmaisféaraigh nítrigine: is ionann é sin agus an meán bliantúil thar tréimhse 5 bliana (meán athraitheach) de nítrigin eiliminteach (i gcileagram/in aghaidh an heicteáir) a thuirlingíonn ón atmaisféar ar an limistéar talmhaíochta a úsáidtear, mar a thuairiscítear sa staidreamh bliantúil ar bharra de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr.

Ceanglais theicniúla

(1) Le meán-chomhéifeachtaí an ionchuir nítrigine thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

(2) Cuirfear ionchur atmaisféarach fliuch agus tirim araon san áireamh sa chomhéifeacht tuairiscithe.

(3) Cuirfear san áireamh sa chomhéifeacht thuairiscithe ionchur a thagann ó gach earnáil, lena n-áirítear ó earnáil na talmhaíochta.

TACAR SONRAÍ 5

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh síolta

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
Topaicí mionsonraithe: ii.5 Comh-éifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh síolta		

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí comhéifeachtaí an chion cothaitheach i síolta gránach agus prátaí síl.

Barr	Sprioc-am
	30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)
Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol)	NSC, PSC
Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)	NSC, PSC

NSC: Comhéifeachtaí an chion nítrigine le haghaidh síolta (cileagram de nítrigin in aghaidh an heicteáir)
PSC: Comhéifeachtaí an chion fosfair le haghaidh síolta (cileagram d'fhosfar in aghaidh an heicteáir)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh síolta: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) de chion cothaitheach eiliminteach – N agus P – (i gcileagram/in aghaidh an heicteáir) i síolta gránach agus i bprátaí curtha faoin talamh.

Ceanglas teicniúil

Le meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

TACAR SONRAÍ 6

Comhéifeachtaí an eisfheartha cothaitheach le haghaidh beostoic

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
Topaicí mionsonraithe: ii.6 Comhéifeachtaí an eisfheartha cothaitheach le haghaidh beostoic		

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí comhéifeachtaí an chion cothaitheach arna n-eisfhearadh ag ainmhithe a úsáidtear le haghaidh gníomhaíocht talmhaíochta.

Catagóir beostoic	Sprioc-am
	30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)
Bó-ainmhithe	–
Bó-ainmhithe atá faoi bhun 1 bhliain d'aois	–
Le haghaidh marú	NEC, PEC
Gan bheith le haghaidh marú	-
Bó-laonna fireanna, atá faoi bhun 1 bhliain d'aois gan bheith le haghaidh marú	NEC, PEC
Bó-laonna baineanna, atá faoi bhun 1 bhliain d'aois gan bheith le haghaidh marú	NEC, PEC
Bó-ainmhithe, os cionn 1 bhliain d'aois, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois	–
Bó-ainmhithe fireanna, os cionn 1 bhliain d'aois, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois	NEC, PEC
Bodóga, os cionn 1 bhliain d'aois, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois	–
Bodóga, os cionn 1 bhliain d'aois, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois le haghaidh marú	NEC, PEC
Bodóga, os cionn 1 bhliain d'aois, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois gan bheith le haghaidh marú	NEC, PEC
Bó-ainmhithe, 2 bhliain d'aois nó os a chionn	–
Bó-ainmhithe, 1 bhliain d'aois nó os a chionn	NEC, PEC
Bodóga, 2 bhliain d'aois nó os a chionn	–
Bodóga, 2 bhliain d'aois nó os a chionn, le haghaidh marú	NEC, PEC
Bodóga, 2 bhliain d'aois agus os a chionn, gan bheith le haghaidh marú	NEC, PEC
Ba	–
Ba déiríochta	NEC, PEC
Ba neamhdhéiríochta	NEC, PEC
Muca	–
Muca a bhfuil níos lú ná 50 kg de bheomheáchan iontu	–
Bainbh a bhfuil níos lú ná 20 kg de bheomheáchan iontu	NEC, PEC
Muca eile a bhfuil idir 20 kg agus 50 kg de bheomheáchan iontu	NEC, PEC
Muca le haghaidh marú, lena n-áirítear collaigh dhiúltaithe agus cránacha diúltaithe, a bhfuil 50 kg agus os a chionn de bheomheáchan iontu	–

Catagóir beostoic	Sprioc-am
	30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)
Muca eile a bhfuil idir 50 kg agus 80 kg de bheomheáchan iontu	NEC, PEC
Muca eile a bhfuil idir 80 kg agus 110 kg de bheomheáchan iontu	NEC, PEC
Muca a bhfuil 110 kg nó os a chionn de bheomheáchan iontu	NEC, PEC
Muca pórúcháin, a bhfuil 50 kg agus os a chionn de bheomheáchan iontu	–
Toirc pórúcháin	NEC, PEC
Cránacha cúpláilte	NEC, PEC
Cránacha, nach bhfuil clúdaithe	NEC, PEC
Caoirigh	–
Caoirigh agus uain bhaineanna	–
Caoirigh bhainne agus uain bhaineanna	NEC, PEC
Caoirigh nach caoirigh bhainne iad agus uain bhaineanna	NEC, PEC
Caoirigh eile	NEC, PEC
Gabhair	–
Gabhair bhaineanna a phórú	NEC, PEC
Gabhair eile	NEC, PEC
Éanlaith chlóis (seachas sicíní)	–
Cearca	–
Sicíní grísce	NEC, PEC
Béaróga	NEC, PEC
Éanlaith chlóis seachas sicín	–
Lachain	NEC, PEC
Géanna	NEC, PEC
Turcaithe	NEC, PEC
Ostraisí	NEC, PEC
Éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	NEC, PEC
Ainmhithe fionnaidh	–
Sionnaigh	NEC, PEC
Madraí racúin	NEC, PEC
Minceanna	NEC, PEC
Sinsilí	NEC, PEC
Ainmhithe fionnaidh eile, nach n-aicmítear in áit ar bith eile	NEC, PEC
Coiníní	NEC, PEC

NEC: Comhéifeachtaí an eisfheartha nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh an duine sa bhliain)
PEC: Comhéifeachtaí an eisfheartha fosfair (cileagram de nítrigin in aghaidh an duine sa bhliain)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Comhéifeachtaí an eisfheartha cothaitheach: is ionann é sin agus meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) d'ollmhéid bliantúil an chothaithigh eilimintigh eisfheartha - N agus P – (i gcileagram) (faecas agus fual) in aghaidh an ainmhí, do gach cineál beostoic.

Ceanglais theicniúla

(1) Leis na meán-chomhéifeachtaí eisfheartha thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

(2) Tuairisceofar na sonraí i dtéarmaí olltomhais eisfheartha.

(3) Soláthraítear in Iarscríbhinn III na sonraíochtaí modheolaíochta mionsonraithe atá le cur i bhfeidhm.

TACAR SONRAÍ 7

Méideanna aistarraingthe aoiligh agus comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh beostoic

Réimse:	d.	Staidreamh ar chothaithigh
Topaic:	ii.	Cothromaíochtaí cothaitheach
An topaic mhionsonraithe: ii.7	Méideanna aistarraingthe aoiligh agus comhéifeachtaí an chion cothaitheach le haghaidh beostoic	

ROINN I

Inneachar sonraí

Cumhdófar leis na sonraí na meán-aistarraingtí aoiligh sa bhliain, mar aon le comhéifeachtaí an chion cothaitheach.

		Sprioc-am	
		30 Samhain na bliana tar éis dheireadh na tréimhse cúig bliana (*)	
Aoileach onnmhairithe agus aistarraingtí eile aoiligh		–	–
	Aoileach beostoic onnmhairithe	Q	NC, PC
	Aistarraingtí eile aoiligh	Q	NC, PC
Aoileach allmhairithe agus ionchuir eile aoiligh		–	–
	Aoileach beostoic allmhairithe	Q	NC, PC
	Ionchuir eile aoiligh	Q	NC, PC

Q: Cainníocht aoiligh (1 000 tona)
NC: Comhéifeachtaí an chion nítrigine (cileagram de nítrigin in aghaidh an tona aoiligh)
PC: Comhéifeachtaí an chion fosfair (cileagram d'fhosfar in aghaidh an tona aoiligh)

Tréimhse thagartha: Bliain féilire
Leibhéal geografach: Leibhéal náisiúnta

(*) Mar a luaitear in Airteagal 4, cuirfear na sonraí le haghaidh an tacair sonraí sin ar fáil den chéad uair faoin 30 Samhain 2029 agus áireofar sna sonraí sin na blianta tagartha 2026, 2027 agus 2028. Tar éis an tarchurtha tosaigh sin, beidh feidhm ag na sprioc-amanna a shonraítear thuas.

ROINN II

Tuairisc ar na haonaid tomhais

Cainníocht aoiligh (1 000 tona): is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) den mhéid (i) aoiligh a tháirgtear ar na feirmeacha agus a bhaintear go gníomhach as an úsáid amh mar chothaithigh plandaí sa talmhaíocht agus (ii) ionchuir aoiligh a thagann ó fhoinsí nach gcumhdaítear le tacar sonraí 6.

Comhéifeachtaí an chion cothaitheach: is ionann é sin agus na meáin bhliantúla thar tréimhse cúig bliana (meáin athraitheacha) de chion cothaitheach eiliminteach – N agus P – (i gcileagram) i dtona aoiligh. Sna comhéifeachtaí léireofar an cion cothaitheach sna cainníochtaí aoiligh a thuairisceofar sa tacar sonraí.

Ceanglais theicniúla

(1) Le meán na gcainníochtaí bliantúla aoiligh agus le meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach thar tréimhse cúig bliana, cumhdófar bliain tagartha na sonraí, mar aon leis na ceithre bliana roimhe sin.

(2) Déanfar na cainníochtaí bliantúla agus meán-chomhéifeachtaí an chion cothaitheach, do gach ceann de na blianta sa tréimhse cúig bliana, arna ríomh mar a thuairiscítear thuas, a tharchur le chéile faoin sprioc-am a shonraítear sa tacar sonraí.

IARSCRÍBHINN III

Sonraíochtaí modheolaíochta

Tacar sonraí ii.6 — Comhéifeachtaí an eisfheartha cothaitheach le haghaidh beostoic

(1) Déanfar comhéifeacht chomhlan eisfheartha (i.e. gan galú a áireamh) a ríomh do gach ceann de na catagóirí beostoic a cheanglaítear sa tacar sonraí.

(2) Déanfar comhéifeachtaí an eisfheartha a ríomh de réir cur chuige cothromúcháin maise atá díreach mar an gcéanna do na Ballstáit uile. Is éard atá i gceist leis an gcothromúchán maise ná go ríomhtar eisfhearadh na gcothaitheach ó iontógáil na gcothaitheach trí bheatha, ach gan coinneáil na gcothaitheach i dtáirgí ainmhithe de réir na foirmle:

$$X_{\text{eisfhearadh}} = X_{\text{iontógáil}} - X_{\text{coinneáil}}$$

Nuair is ionann:

— Is ionann ‘x’ agus an cothaitheach (N – nítrigin nó P – fosfar);

— is ionann ‘eisfhearadh’ agus eisfhearadh iomlán (faecas agus fual) an chothaithigh (cileagram in aghaidh an ainmhí sa bhliain);

— is ionann ‘iontógáil’ d’iontógáil iomlán na gcothaitheach trí bheatha beostoic (cileagram in aghaidh an ainmhí sa bhliain);

— is ionann ‘coinneáil’ agus méideanna iomlána na gcothaitheach a choinnítear i mbainne, feoil, uibheacha, olann, etc. (Cileagram in aghaidh an ainmhí sa bhliain).

I gcás gach catagóire beostoic, is féidir na ceithre bhloc tógála seo a leanas a shonrú sa chothromúchán maise seo: an iontógáil beatha, comhdhéanamh na beatha (i.e. an cion nítrigine agus fosfair sa bheatha), táirgeadh beostoic agus comhdhéanamh na dtáirgí beostoic (i.e. cion na gcothaitheach).

(3) Maidir leis na catagóirí beostoic a bhfuil comhéifeachtaí an eisfheartha á ríomh dóibh, baineann siad go díreach leo siúd a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2745 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe. Le comhéifeachtaí an eisfheartha, beifear in ann measúnú a dhéanamh ar na hionchuir chothaitheach bunaithe ar na huimhreacha beostoic arna dtarchur chuig Eurostat faoi chuimsiú an Rialacháin seo. Is ionann na huimhreacha sin agus a leanas:

— Daonra beostoic ar dháta áirithe den bhliain i Samhain/Nollaig nó

— An meándaonra beostoic le linn na bliana féilire tagartha.

Ní hionann an daonra beostoic ar dháta ar leith agus na hathruithe séasúracha ar líon na ndaoine le linn na bliana a tharlaíonn mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí talmhaíochta agus cultúrtha. Dá bhrí sin, déanfar comhéifeachtaí an eisfheartha a ríomh ionas go léireofar leo na hathruithe séasúracha sin.

(4) Ina theannta sin, áireofar sna ríomhanna allmhairiú agus onnmhairiú suntasach ainmhithe beo le linn bliana.

(5) Nuair a bheidh na comhéifeachtaí á ríomh, cuirfear na topaicí sin ar a laghad san áireamh nuair a dhéanfaidh siad difear don mhéid seo a leanas:

— Pórtha ainmhithe (e.g. pórtha beaga nó pórtha móra, táirgiúlacht íseal nó ardtáirgiúlacht);

— Leibhéal táirgthe (e.g. táirgeadh bainne in aghaidh na bó sa bhliain, líon na mbanbh in aghaidh na cránach sa bhliain, ainmhithe óga nó seanainmhithe);

— Orgánach nó traidisiúnta;

— Athruithe séasúracha ar ábhair bheatha atá ar fáil agus a ídítear, mar aon le hathruithe séasúracha ar phatrúin tomhaltais;

— Ciondálacha beatha (e.g. próitéin íseal nó ardphróitéin, leibhéil ísle fosfair nó ardleibhéil fosfair sa bheatha, cion fuinnimh);

— Breiseáin bheatha a úsáid i mbeatha ainmhithe (lena n-áirítear fíotáisí nó aimínaigéid shintéiseacha), arna n-údarú go sonrach chun éifeachtúlacht díleá a fheabhsú;

— Bainistiú beatha a bhaineann leis na difríochtaí sna córais tithíochta, lena n-áirítear innilt nó innilt shriantach nó córais gan innilt, nó ainmhithe nach bhfuil saor nó ainmhithe atá saor.

IARSCRÍBHINN IV

Tuairiscí

COTHAITHIGH I LEASACHÁIN LE hAGHAIDH TALMHAÍOCHTA

Cothaithigh: is ionann é sin agus an fhoirm eiliminteach de nítrigin (N), d'fhosfar (P) agus de photaisiam (K).

Leasachán: is ionann é sin agus táirge a sholáthraíonn cothaithigh do phlandaí agus muisiriúin.

Leasachán neamhorgánach: is ionann é sin agus leasachán ina bhfuil cothaithigh nó lena scaoiltear cothaithigh i bhfoirm mhianrach, seachas leasachán orgánach nó orgánaimianra.

Leasachán a úsáidtear sa talmhaíocht: is ionann é sin agus na leasacháin a úsáidtear i ngníomhaíochtaí talmhaíochta sa bhliain tagartha. Áirítear leis sin cainníochtaí leasachán a cheannaítear, a thugtar saor in aisce nó mar mhalartú ar chostais iompair amháin, agus socruithe comhchosúla eile.

Leasachán neamhorgánach díreach: is ionann é sin agus leasachán neamhorgánach nach bhfuil ann ach cion dearbhaithe de cheann amháin díobh seo a leanas: nítrigin (N), fosfar (P) agus potaisiam (K).

Leasachán neamhorgánach cumaisc: is ionann é sin agus leasachán neamhorgánach nach bhfuil ann ach cion dearbhaithe de níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas: nítrigin (N), fosfar (P) agus potaisiam (K).

Leasachán orgánach: is ionann é sin agus leasachán ina bhfuil carbón orgánach agus cothaithigh de thionscnamh bitheolaíoch amháin. Áirítear leasacháin orgánaimianra anseo freisin.

Aoileach amh ainmhithe: is ionann é sin agus eisfhearadh beostoic nó meascán de bhruscair, fuail agus eisfhearadh, roimh an gcéim phróiseála.

Sloda séarachais: is ionann é sin agus sloda iarmharach ó ionaid cóireála séarachais (fuíolluisce tí nó uirbeach nó uisce le comhdhéanamh comhchosúil a chóireáil), ó dabhcha séarachais agus ó shuiteálacha comhchosúla eile chun séarachas a chóireáil, ar a ndearnadh cóireáil bhitheolaíoch, cheimiceach nó teasa, stóráil fhadtéarmach nó aon phróiseas iomchuí eile chun laghdú suntasach a dhéanamh ar a leibhéil choipthe agus ar na guaiseacha sláinte a eascraíonn as a úsáid.

Leasachán orgánach eile: is ionann é sin agus leasachán orgánach seachas aoileach amh nó sloda séarachais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin leasacháin orgánacha phróiseáilte, múirín, díleáiteán de thionscnamh aoiligh agus neamh-aoiligh, mar aon le táirgí eile dá samhail.

Leasachán orgánaimianra: is ionann é sin agus comhfhoirmiú leasacháin neamhorgánacha amháin nó níos mó agus ábhar amháin nó níos mó ina bhfuil carbón orgánach agus cothaithigh de thionscnamh bitheolaíoch amháin. Féadfaidh móin, lionardite agus lignít a bheith i leasachán orgánaimianra, ach ní fhéadfaidh aon ábhar eile atá iontaisithe nó leabaithe i bhfoirmíochtaí geolaíocha a bheith ann.

COTHROMAÍOCHTAÍ COTHAITHEACH

Sainmhínítear na **hearraí barr** i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr.

Sainmhínítear na **hearraí beostoic** i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2745 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe.

Fuíoll bairr: is ionann é sin agus codanna de phlandaí – lena n-áirítear plandaí os cionn talún agus plandaí faoi thalamh – nach mbaintear mar an príomhtháirge barr. Is féidir iad a fhágáil sa pháirc nó a bhaint den pháirc.

Fosúchán bitheolaíoch nítrigine: is ionann é sin agus na próisis ina ndéantar nítrigin mhóilíneach san aer a thiontú ina amóinia (NH_3) nó ina gcomhdhúile nítrigineacha gaolmhara san ithreach trí phróisis bhitheolaíocha.

Ionchur atmaisféarach nítrigine: is ionann é sin agus na próisis trína gcuirtear cáithníní agus gáis aeriompartha nítrigine in ithreacha, fásra, uiscí, agus dromchlaí eile, bíodh sin trí fhrasaíocht (báisteach, sneachta, scamaill agus ceo) – ionchur nítrigine fliuch – nó mar thoradh ar phróisis chasta atmaisféir amhail socrú, imbhualadh, agus asúchán – ionchur nítrigine tirim. Áirítear ann ionchur nítrigine laghdaithe a thagann ó astaíochtaí amóinia, ón talmhaíocht go príomha, agus ionchur nítrigine ocsaídithe a thagann ó astaíochtaí ocsaídí nítrigine – go príomha ón tionscal agus ó ghluaisteáin/trucailí.

Olltomhas eisfheartha: is ionann é sin agus an t-aoileach go léir arna tháirgeadh ag an daonra beostoic, sula ndéantar aoileach a tharraingt siar agus a athchur i ndiaidh na céime próiseála (e.g. mar dhíleáiteán nó mar mhúirín) seachas an galú.

Aoileach beostoic onnmhairithe is ionann é sin agus an méid aoiligh amh a onnmhairítear chuig tír eile, lena n-áirítear aoileach beostoic náisiúnta a tháirgtear lasmuigh den chríoch náisiúnta mar thoradh ar ghníomhaíocht talmhaíochta trasteorann.

Aistarraingtí eile aoiligh: is ionann é sin agus aoileach a tháirgtear ar na feirmeacha a bhaintear go gníomhach as úsáid amh mar chothaithigh plandaí sa talmhaíocht náisiúnta. Áirítear leis sin an t-aoileach a bhaint chun fuinneamh a tháirgeadh, próiseáil aoiligh le haghaidh táirgeadh leasacháin, ionchur aoiligh le linn innilte i limistéir lasmuigh den limistéar talmhaíochta a úsáidtear nó diúscairt aoiligh. Ní áirítear aoileach beostoic onnmhairithe ann.

Aoileach beostoic allmhairithe is ionann é sin agus an méid aoiligh amh a allmhairítear ó thír eile, agus a úsáidtear sa talmhaíocht mar leasachán, lena n-áirítear aoileach beostoc neamhnáisiúnta a tháirgtear laistigh den chríoch náisiúnta mar thoradh ar ghníomhaíocht talmhaíochta trasteorann.

Ionchuir eile aoiligh: is ionann é sin agus an t-aoileach a úsáidtear mar leasachán sa talmhaíocht, de thionscnamh foinsí eile seachas an táirgeadh aoiligh ón daonra beostoic arna thuairisciú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2745 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh ainmhithe, (e.g. aoileach capall) agus gan aoileach beostoic allmhairithe a áireamh ann.